Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8779/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0097 (BUD)**

**FIN 614**
**SOC 231**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 50 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/009 BE/Soliver |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 50 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 50 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
COM(2026) 50 final

2026/0097 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/009 BE/Soliver**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1].
2. An 22 Nollaig 2025, chuir an Bheilg an t-iarratas EGF/2025/009 BE/Soliver isteach, arb iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED é, de dheasca iomarcaíochtaí in Soliver NV (Soliver) sa Bheilg.
3. Iar mheasúnú an iarratais sin don Choimisiún, ba é a chinn sé, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán (AE) 2021/691, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

### ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2025/009 BE/Soliver |
| Ballstát | an Bheilg |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (Leibhéal 2 NUTS[2]) | Provincie Oost-Vlaanderen (BE23) agus Provincie West-Vlaanderen (BE25) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | An 22 Nollaig 2025 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | An 17 Feabhra 2026 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | An 17 Feabhra 2026 |
| An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar | An 10 Márta 2026 |
| An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích | An 28 Bealtaine 2026 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691 |
| An príomhfhiontar | Soliver NV |
| Na hearnálacha lena mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3] | Rannán 46 (Trádáil mhórdhíola) |
| An tréimhse thagartha (4 mhí): | An 1 Iúil 2025 – an 1 Samhain 2025 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse | 803 |

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
[2] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú aicmiú coiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS). IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.
[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

| | |
|---|---|
| tagartha | |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 803 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 803 |
| An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 2 412 465 |
| An buiséad chun CED a chur chun feidhme[4] (EUR) | 96 400 |
| An buiséad iomlán (EUR) | 2 508 865 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR) | 2 132 535 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 22 Nollaig 2025, chuir an Bheilg an t-iarratas EGF/2025/009 BE/Soliver isteach laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/691. Bhí an t-aistriúchán ar an iarratas i seilbh an Choimisiúin an 3 Feabhra 2026. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas agus, an 17 Feabhra 2026, d'iarr sé faisnéis bhreise ar an mBeilg. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An sprioc-am 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar chomhlíontacht an iarratais leis na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, rachaidh an sprioc-am sin in éag an 28 Bealtaine 2026.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 803 oibrí a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Soliver. Bhí an fiontar ag oibriú san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 46 NACE Athbhreithniú 2 (Trádáil mhórdhíola). Tá na poist ar chuir Soliver deireadh leo lonnaithe i réigiúin NUTS 2 Provincie Oost-Vlaanderen (BE23) agus Provincie West-Vlaanderen (BE25).

*Na critéir idirghabhála*

6. Chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear go dtarlódh scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

7. Maireann an tréimhse thagartha 4 mhí le haghaidh an iarratais ón 1 Iúil 2025 go dtí an 1 Samhain 2025.

8. Bhí 803 iomarcaíocht in Soliver le linn na tréimhse tagartha.

*Na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh*

9. De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 5, an chéad mhír de Rialachán (AE) 2021/691, ríomhadh an líon oibrithe a ndearna an

[4] I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

iomarcaíocht difear dóibh le linn na tréimhse tagartha, is é sin 803 oibrí san iomlán, ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha fostaíochta nó ó dháta a éaga.

*Tairbhithe incháilithe*

10. Is é 803 oibrí an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta*

11. Ba é an teagmhas ba chúis leis na hiomarcaíochtaí sin an dearbhú maidir le féimheacht Soliver ó Chúirt Tráchtála Ghent an 1 Iúil 2025.

12. Maidir le Soliver, ar ghnólacht teaghlaigh Beilgeach é tráth a bhunaithe a tháirgeadh táirgí gloine (e.g. gloine le haghaidh na hearnála tógála agus gloine mótarfheithiclí), rinne American Glass Products Holding (AGP) é a éadáil in 2018, rud a d'fhág gur aistríodh a fhócas go heisiach chuig gloine mótarfheithiclí ardteicneolaíochta.

13. Tar éis na héadála, tháinig méadú ar Soliver nuair a d'oscail sé dhá shuíomh nua i bhFlóndras Thoir (Zwijnaarde agus Evergem), in éineacht lena ghléasra bunaidh Rumbeke (Flóndras Thiar). Díonta gréine le haghaidh gluaisteáin leictreacha agus díonta lánléargais le haghaidh Ferrari an speisialtóireacht a bhí ag Zwijnaarde, agus bhí Evergem dírithe ar bhorradh a chur faoin acmhainneacht táirgeachta. Mar sin féin, bhí Zwijnaarde ag streachailt mar gheall ar an moill a bhí ar tháirgeadh samhlacha gluaisteán, rud a d'fhág gur dúnadh dhá líne agus gur laghdaíodh an bhrabúsacht. Bhí Evergem neamhbhrabúsach mar gheall ar ró-acmhainneacht agus sleabhcadh san earnáil mótarfheithiclí. Ní raibh Soliver in ann a dheacrachtaí airgeadais a réiteach agus, sa deireadh, rinne sé iarratas ar fhéimheacht i mí na Nollag 2024.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht*

14. In 2025, dearbhaíodh 11 665 fhiontar ina bhféimheach sa Bheilg[5], is é sin méadú 5,0 % i gcomparáid le 2024 agus méadú 13,6 % i gcomparáid le 2023[6]. Bhain an chuid is mó díobh (57,8 %) le fiontair atá lonnaithe i bhFlóndras. Mar thoradh ar na féimheachtaí sin, cailleadh 28 945 phost, a raibh 52,8 % díobh i bhFlóndras[7].

15. Is iad bardais Roeselare (Flóndras Thiar) agus Ghent (Flóndras Thoir) na críocha is mó a ndéanann féimheacht Soliver difear dóibh. I mí Eanáir 2026, tháinig méadú 7,6 % bliain ar bhliain ar an dífhostaíocht i bhFlóndras Thiar (36 916 chuardaitheoir poist cláraithe, 16 % den líon iomlán i bhFlóndras), agus tháinig méadú 6,6 % ar an dífhostaíocht i bhFlóndras Thoir (54 154 chuardaitheoir poist, 24 % den líon iomlán i bhFlóndras). Bhí an méadú a tháinig ar an ráta dífhostaíochta in Roeselare (+ 9,6 %) 2 phointe céatadáin níos mó ná meánráta an chúige, ach níor tháinig méadú chomh géar céanna ar ráta Ghent (+ 5,0 %, 1,6 pointe céatadáin faoi bhun leibhéal an chúige).

16. In 2025, tháinig laghdú 14 % ar an líon folúntas in Roeselare agus laghdú 7 % i nGent[8], rud a chuir leis an lag trá sa mhargadh saothair. Déanfaidh iomarcaíochtaí Soliver tuilleadh dochair don fhostaíocht áitiúil. Mar sin féin, is dócha go bhfaighidh oibrithe a bhfuil scileanna teicniúla acu - nó iad siúd atá toilteanach athsciliú - deiseanna mar gheall ar an nganntanas gairmithe teicniúla, arb é is cúis

5 Statbel. An líon féimheachtaí agus caillteanas post sa Bheilg.
6 Statbel. Éabhlóid ar an líon féimheachtaí agus caillteanas post in aghaidh na bliana.
7 Statbel. An líon féimheachtaí agus caillteanas post sa Bheilg.
8 Arvastat.

leis rannpháirtíocht íseal na hóige sa ghairmoiliúint agus lucht saothair atá ag dul in aois.

**Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú**

17. Thug an Bheilg tuairisc ar an gcaoi ar breithníodh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú.

18. Thuairiscigh an Bheilg go ndéantar, faoin dlí saothair náisiúnta[9] maidir le bainistiú gníomhach athstruchtúrúcháin, é a chur de cheangal ar fhiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh acu aonad fostaíochta a bhunú, arb é is cuspóir dó 30 uair an chloig de sheirbhísí socrúcháin sheachtraigh i dtréimhse 3 mhí a sholáthar d'oibrithe a briseadh as a bpost i gcomhthéacs iomarcaíochtaí comhchoiteanna (60 uair an chloig i gcaitheamh 6 mhí i gcás oibrithe 45 bliana d'aois nó níos sine). Mar sin féin, níl feidhm ag an oibleagáid dhlíthiúil sin i gcás féimheachta. Dá bhrí sin, cuirtear an beart socrúcháin sheachtraigh ar a dtugtar tuairisc thíos i mír 24 in ionad na seirbhísí comhairleoireachta agus socrúcháin sheachtraigh nach bhfaigheann na hoibrithe iomarcacha sin.

19. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, thuairiscigh an Bheilg gur reáchtáladh an chéad imeacht cuardaigh poist ('aonach post') ar a dtugtar tuairisc thíos in Roeselare, le linn na n-imeachtaí féimheachta, an 11 Meitheamh 2025. Reáchtáladh an dara haonach post i nGent an 25 Meán Fómhair 2025. Seoladh seisiúin faisnéise agus chlárúcháin, agus seirbhísí socrúcháin sheachtraigh chun tacú le hiar-oibrithe Soliver an 11 Iúil 2025, tamall gearr tar éis an dearbhaithe féimheachta.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais*

20. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Bheilg nach bhfaigheadh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais freisin.

21. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, comhlánaítear gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta eile nó le cistí eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

22. Chuir an Bheilg in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na saineolaithe, lena n-áirítear roinnt comhaltaí den tascfhórsa, agus leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691. Comhaontaíodh an pacáiste deiridh beart le Cónaidhm Ghinearálta na gCeardchumann Liobrálach sa Bheilg (ACLVB)[10], Cónaidhm Ghinearálta Saothair na Beilge (ABVV)[11], agus Cónaidhm na gCeardchumann Trádála Críostaí (ACV)[12] sa chéad chruinniú den choiste stiúrtha a reáchtáladh an 21 Deireadh Fómhair 2025.

---

9 Foraithne Ríoga an 10 Samhain 2006 lena leasaítear Foraithne Ríoga an 9 Márta 2006.

10 Algemene Centrale der Liberale Vakbonden van België.

11 Algemeen Belgisch Vakverbond

12 Algemeen Christelijk Vakverbond.

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

23. Tá coinne leis go nglacfaidh na hoibrithe iomarcacha ar fad, is é sin 803 oibrí, páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas miondealú na n-oibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais:

| Catagóir | | An líon tairbhithe a mheastar a bheidh ann | |
|---|---|---|---|
| Inscne: | Fir: | 616 | (76,7 %) |
| | Mná: | 187 | (23,3 %) |
| | Neamh-dhénártha | 0 | (0,0 %) |
| Aoisghrúpa: | Faoi bhun 30 bliain: | 145 | (18,1 %) |
| | 30-54 bliana: | 585 | (72,9 %) |
| | Os cionn 54 bliana: | 73 | (9,1 %) |
| Leibhéal oideachais | Oideachas meánscoile sóisearach, nó níos lú ná sin[13] | 298 | (37,1 %) |
| | Oideachas meánscoile sinsearach[14] nó oideachas iar-mheánscoile[15] | 191 | (23,8 %) |
| | Oideachas treasach[16] | 314 | (39,1 %) |

*Bearta atá beartaithe*

24. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsanaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha:

– Tascfhórsa: Bainisteoirí cuntais a bhfuil saineolas acu ar an margadh saothair áitiúil, mar aon le sainchomhairleoirí a bhfuil taithí acu ar threoraíocht a sholáthar le linn próisis iomarcaíochta comhchoitinne, is iadsan a eagraíonn agus a reáchtálann na seisiúin faisnéise. Agus iad ag obair go dlúth leis na hoibrithe, sainíonn siad bealaí pearsantaithe ionsar ath-imeascadh san fhostaíocht agus déanann siad athchoigeartú orthu i gcás inar gá. Tacaíonn foireann saineolaithe i dtionscadail Eorpacha leis an tascfhórsa.

[13] ISCED 0-2
[14] ISCED 3
[15] ISCED 4
[16] ISCED 5-8

– Socrúchán seachtrach: Áirítear ar na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh a sholáthraítear i seisiúin ghrúpa nó i seisiúin aonair, chomh maith le nithe eile, agallamh tosaigh agus treoraíocht aonair, deimhniú na scileanna a fuarthas, treoraíocht maidir le húsáid a bhaint as ardán digiteach 'Mo ghairm bheatha' (*Mijn Loopbaan*) chun post a chuardach, ar ardán é a sholáthraíonn na seirbhísí poiblí fostaíochta Pléimeannacha (VDAB[17]), chomh maith le treoraíocht roimh an aonach post a dtugtar tuairisc air thíos, lena linn agus ina dhiaidh. Laistigh den bheart sin, eagraíodh 'gníomhaíocht folúntas poist' an 3 Nollaig 2025. Le linn gníomhaíocht folúntas poist déantar tairiscintí poist a chur i láthair/a chur ar fáil do ghrúpaí beaga oibrithe chun iarratas a dhéanamh orthu. Cuidíonn saineolaithe le hoibrithe le linn an phróisis iarratais agus déanann VDAB faireachán ar dhul chun cinn na n-iarratas sin agus ar an toradh a bhíonn orthu.

– Cúnamh chun post a fháil: Cuirtear tús leis an gcúnamh trí mheastóireacht a dhéanamh ar oiriúnaitheacht na gcuardaitheoirí poist d'éilimh reatha mhargadh an tsaothair agus ar réalachas a gcuardaigh poist. Cuireann sé cúnamh saincheaptha ar fáil ansin, lena n-áirítear mionchoigeartú ar CVanna agus ar litreacha cumhdaigh, cothú muiníne, agus ullmhú le haghaidh agallaimh. Déantar meastóireacht ar scileanna digiteacha, agus tairgtear bunoiliúint TFC d'oibrithe nach bhfuil aon chur amach acu ar ríomhairí agus faigheann na hoibrithe sin rochtain ar '*digibanks*' freisin, áit ar féidir leo ríomhairí glúine a fháil ar iasacht, oiliúint a fháil, agus tacaíocht dhigiteach a fháil. Idir an dá linn, cuidíonn seimineáir ghréasáin agus uirlisí ar líne amhail 123digit.be leo siúd a bhfuil scileanna acu cheana cur lena n-inniúlachtaí digiteacha a thuilleadh.

– Cúnamh treisithe cuardaigh poist: Áirítear leis an tacaíocht cóitseáil aonair agus cuardach poist, grúpchóitseáil le hidirghabhálaí gairme, cúnamh i dtaca le hiarratais phoist agus ullmhú le haghaidh agallaimh, agus cuairteanna ar chuideachtaí atá ag earcú agus ar ionaid oiliúna, chun uas-sciliú a spreagadh.

  Ina theannta sin, déanfar seisiúin faisnéise maidir le deiseanna oibre trasteorann san Ísiltír a eagrú le saineolaithe EURES ó sheirbhísí fostaíochta na hÍsiltíre.

– Treoraíocht: I measc na seirbhísí a chuireann na seirbhísí treoraíochta ar fáil tá comhairle gairme, cuardach folúntas poist, agus socrúchán fostaíochta (trí scileanna agus spriocanna na n-iarrthóirí a mheaitseáil le riachtanais na bhfostóirí), cúnamh cuardaigh poist aonair, agus tacaíocht mheabhairshláinte. Déantar athbhreithniú ar na hábhair a chumhdaítear le linn na seisiún socrúcháin sheachtraigh, de réir mar is gá. Maidir leis an tacaíocht a thugann comhairleoirí VDAB, a chuirtear ar fáil trí chóras dearbhán chun solúbthacht a thabhairt d'oibrithe, cuireann siad déine na tacaíochta in oiriúint (ó thacaíocht chaighdeánach go tacaíocht an-dian) bunaithe ar mheasúnuithe aonair.

– Oiliúint agus athoiliúint: Faigheann na hoibrithe cóitseáil shaincheaptha trí chonairí speisialaithe foghlama chun feabhas a chur ar scileanna teicniúla agus digiteacha, agus ar scileanna a bhfuil éileamh orthu (lena n-áirítear na scileanna sin a bhaineann le ganntanas lucht saothair agus an t-aistriú glas). Tar éis dóibh pleananna aonair a chomhaontú le comhairleoir gairme, bíonn rochtain acu ar oiliúint spriocdhírithe - trí VDAB nó trí sholáthraithe seachtracha - chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shainaitheanta.

[17] Vlaamse Dienst voor Arbeidsbemiddeling en Beroepsopleiding (VDAB)

Tá cúrsaí Ollainnise ar fáil freisin, toisc go bhfuil inniúlacht theoranta san Ollainnis ag iarfhostaithe Soliver go leor, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur lena roghanna fostaíochta.

– Oiliúint san ionad oibre: Cuirtear oiliúint ar an láthair oibre ar oibrithe leis an bhfostóir a bheidh acu amach anseo, agus tugtar conradh buan nó conradh ar théarma seasta dóibh a mhaireann go dtí deireadh na tréimhse oiliúna ar a laghad.

– Aonach post: Tugann an t-imeacht earcaíochta seo cuardaitheoirí poist agus fostóirí le chéile. Sula bhfreastalaíonn siad ar an imeacht, cuidíonn seisiúin chomhairleoireachta leis an ullmhúchán le haghaidh an chruinnithe le fostóirí féideartha.

25. Leis an measúnú ar scileanna digiteacha oibrithe, leis an oiliúint TFC agus leis an tacaíocht bhreise dá bhforáiltear laistigh den chúnamh cuardaigh poist, freastalaítear ar scaipeadh na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

26. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad atá laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

27. Tá soláthartha ag an mBeilg an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach le haghaidh an fhiontair lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, tá sé deimhnithe ag an mBeilg nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

*Buiséad measta*

28. Is é EUR 2 508 865 luach na gcostas measta iomlán, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 2 412 465 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 96 400 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

29. Is é EUR 2 132 535 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

30. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m) de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an Bheilg gurb é VDAB a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

| Bearta | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[18] | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[19] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691) | | | |
| Tascfhórsa | 803 | 148 | 118 642 |
| Socrúchán seachtrach (*Outplacementbegeleiding*) | 473 | 1 986 | 939 273 |
| Cúnamh chun post a fháil *(actieve bemiddeling)* | 275 | 1 660 | 456 529 |
| Cúnamh treisithe cuardaigh poist *(Jobhunting)* | 250 | 1 217 | 304 352 |
| Treoraíocht (*Begeleiding bij partners)* | 25 | 2 860 | 71 511 |
| Oiliúint agus athoiliúint *(Opleiding eigen beheer, opleiding SIF, agus opleiding bij partners)* | 105 | 4 827 | 506 808 |
| Oiliúint san ionad oibre *(Opleiding in onderneming - IBO)* | 10 | 960 | 9 600 |
| Aonach post *(Jobbeurs)* | 288 | 20 | 5 750 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 2 412 465<br>(96,16 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691 | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 2 500 |
| 2. Bainistíocht | – | | 40 000 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 3 900 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 50 000 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 96 400<br>(3,84 %) |
| Costais iomlána (a + b): | – | | 2 508 865 |

[18] Chun deachúlacha a sheachaint, déantar an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Bheilg isteach.

[19] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

| | | |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht ó CED (85 % de na costais iomlána) | – | 2 132 535 |

*Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais*

31. An 11 Meitheamh 2025 thosaigh an Bheilg ar na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 11 Meitheamh 2025 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

32. An 11 Meitheamh 2025, thosaigh an Bheilg ar an gcaiteachas riaracháin a thabhú chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 11 Meitheamh 2025 go dtí 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

33. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, agus sonraítear sa tuairisc sin freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Bheilg fógra don Choimisiún gurb é VDAB a bhainisteoidh an ranníocaíocht airgeadais. Is í seirbhís airgeadais VDAB a dhéanfaidh na híocaíochtaí. Is í an Roinn Airgeadais agus Buiséid - Aonad Iniúchóireachta an Údaráis Iniúchóireachta Phléimeannaigh um Chistí Struchtúracha na hEorpa a fheidhmeoidh mar an t-údarás iniúchóireachta.

**Gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

34. Tá soláthartha ag an mBeilg na dearbhuithe uile is gá maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh-idirdhealú sa mhéid a bhaineann leis an rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na mbeart sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

**Togra buiséadach**

35. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[20] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 an 29 Feabhra 2024[21].

[20] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[21] IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj.

36. Agus scrúdú déanta aige ar an iarratas i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/691, agus tar éis é an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann an Coimisiún EUR 2 132 535 a shlógadh as CED, méid is ionann agus 85 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.

37. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691 agus, mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[22].

**Gníomhartha gaolmhara**

38. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun EUR 2 132 535 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

39. An tráth céanna a ghlac sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, ghlac an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[23]. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra go bhfuil an t-aistriú buiséadach formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

[22] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

[23] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

2026/0097 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/009 BE/Soliver**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[24], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[25], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d’aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d’oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[26], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle[27], agus mar a leagtar síos freisin in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 22 Nollaig 2025, chuir an Bheilg iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in Soliver NV sa Bheilg. Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán

[24] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[25] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28

[26] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

[27] IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj.

(AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 2 132 535 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Bheilg isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2026, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 2 132 535 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*] .

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[28] COM(2026) 50.
[*] Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú san Iris Oifigiúil.